An Roinn Oideachais
Department of Education

# Treoir bhreise chun tacú le cur i bhfeidhm na *Nósanna Imeachta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna*

.

## Polasaí Bí Cineálta

Tá feidhm le nósanna imeachta Bí Cineálta ó thús na scoilbhliana 2025/2026. Baineann nósanna imeachta Bí Cineálta le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna aitheanta, lena n-áirítear scoileanna speisialta agus lárionaid oideachais.Caithfidh an bord bainistíochta a pholasaí Bí Cineálta a fhorbairt le linn na scoilbhliana 2024/2025. Ba chóir go nglacfadh an bord bainistíochta leis an bpolasaí agus nósanna imeachta Bí Cineálta roimh an scoilbhliain 2025/2026. Is féidir le scoileanna, áfach, rogha a dhéanamh a bpolasaí Bí Cineálta a chur i bhfeidhm sa scoilbhliain reatha más mian leo.

Ba chóir an t-athbhreithniú bliantúil a dhéanamh gach bliain le hionchur ó phobal na scoile ar a n-áirítear tuismitheoirí, scoláirí agus foireann na scoile. Faoi nósanna imeachta Bí Cineálta, ní mór do scoileanna polasaí Bí Cineálta a fhorbairt chun iompar bulaíochta a chosc agus dul i ngleic leis agus leagan dá bpolasaí Bí Cineálta a fhorbairt a oireann do dhaltaí agus é seo a chur ar taispeaint áit ar féidir le daltaí é a fheiceáil. **Ní mór** an doiciméad ag teimpléid Aguisín A a úsáid mar bhonn le Polasaí Bí Cineálta agus **is féidir** le scoileanna teimpléid Aguisín B a úsáid nuair a bhíonn a bpolasaí atá éasca le tuiscint ag scoláirí á fhorbairt.

## Doiciméid Teimpléad

Áiríonn nósanna imeachta Bí Cineálta roinnt teimpléid a **nach mór** nó **is féidir** le scoileanna a úsáid. Tá siad seo liostaithe sa tábla thíos.

| | | |
|---|---|---|
| Aguisín A | Polasaí Bí Cineálta | **Ní mór** an doiciméad teimpléid a úsáid mar bhonn le Polasaí Bí Cineálta gach scoile. |
| Aguisín B | Beartas Bí Cineálta atá in oiriúint do scoláirí | Ní mór do gach scoil polasaí atá éasca le tuiscint a fhorbairt agus **is féidir** le scoileanna an teimpléad a úsáid chuige seo. |
| Aguisín C | Treoir chun Dul i nGleic le hIompraíocht Bhulaíochta | **Is féidir** an treoir a úsáid chun dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta. |
| Aguisín D | Treoir maidir le huasdátú ar iompraíocht bhulaíochta a sholáthar don bhord bainistíochta | **Is féidir** an treoir a úsáid chun cabhrú le Príomhoidí uasdátú ar iompraíocht bhulaíochta a sholáthar don bhord bainistíochta. |
| Aguisín E | Athbhreithniú ar Pholasaí Bí Cineálta | **Ní mór** an teimpléad Athbhreithnithe a chomhlánú nuair a dhéantar athbhreithniú ar an bpolasaí Bí Cineálta. |
| Aguisín F | Fógra faoin Athbhreithniú Bliantúil | **Is féidir** an teimpléad a úsáid chun a chur in iúl do phobal na scoile go ndearnadh an t-Athbhreithniú Bliantúil. |

Is féidir na haguisíní a íoslódáil anseo: gov.ie – Bí Cineálta - Nósanna Imeachta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna

Ba chóir do scoileanna a modhanna féin a fhorbairt chun iompraíocht bhulaíochta a thaifeadadh. I gCuid 6.5 de nósanna imeachta Bí Cineálta léirítear cad ba cheart a dhoiciméadú agus teagmhais bulaíochta á dtaifeadadh.

## Nuashonrú an Phríomhoide don Bhord Bainistíochta

Caithfidh an príomhoide uasdátú a thabhairt don bhord bainistíochta ag gach cruinniú. Más rud é nár tharla aon chás d'iompraíocht bhulaíochta, ba chóir don phríomhoide náid cás a thuairisciú. Féadfaidh an príomhoide an treoir atá ar fáil in Aguisín D a úsáid chun na críche seo. Ba chóir líon na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta a thuairisciú ag gach cruinniú den bhord bainistíochta, ní líon na n-eachtraí líomhnaithe d'iompraíocht bhulaíochta.

Níor cheart aon eolas pearsanta a chur san áireamh i nuashonrú an phríomhoide don bhord bainistíochta. Níor cheart go mbeadh aon eolas sa nuashonrú a d'fhéadfadh na scoláirí atá i gceist a shainaithint.

Cuirfear oiliúint ar nósanna imeachta Bí Cineálta ar fáil do chomhaltaí na mbord bainistíochta. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gComhlacht Bainistíochta ábhartha chun tuilleadh eolais a fháil.

## Iompar Bulaíochta

Tagann an sainmhíniú ar iompraíocht bhulaíochta i nósanna imeachta Bí Cineálta ó *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* (2022).

Bíonn iompraíocht bhulaíochta i bhfoirm patrún iompraíochta córasach a dhéantar arís agus arís eile thar thréimhse ama. Mar sin, is iompraíocht í a tharlaíonn níos mó ná aon uair amháin. Is iompraíocht bhulaíochta í teachtaireacht, íomhá nó físeán díobhálach amháin a phostáil ar líne, ar dócha go ndéanfar í a athphostáil nó a roinnt le daoine eile.

Is minic a leanann iompar bulaíochta, lena n-áirítear iompar cibearbhulaíochta, a tharla lasmuigh den scoil ar aghaidh ar scoil.Ní cheanglaítear ar scoileanna aghaidh a thabhairt ar iompraíocht bhulaíochta a tharlaíonn nuair nach mbíonn scoláirí faoi chúram nó faoi fhreagracht na scoile. Sa chás go mbíonn tionchar ag an iompraíocht bhulaíochta seo ar an scoil, áfach, ceanglaítear ar scoileanna tacú leis na scoláirí atá i gceist. Sa chás go leanann an iompraíocht bhulaíochta, cibearbhulaíocht san áireamh, ar aghaidh i dtimpeallacht na scoile, ní mór do scoileanna dul i ngleic leis an iompar bulaíochta.

Sa chás go gcuirtear scoil ar an eolas faoi iompar cibearbhulaíocht a tharla nuair nach raibh dalta faoi chúram nó faoi fhreagracht na scoile, tá sé de dhualgas ar an scoil tacaíocht a thabhairt don dalta. Áirítear i measc na mbealaí a d'fhéadfadh an scoil tacú leis an dalta tá éisteacht, comhbhá a léiriú, an dalta a chuir ar a shuaimhneas, agus iarraidh ar an dalta a chur in iúl don scoil má tharlaíonn iompar bulaíochta ar scoil.

Sa chás go mbíonn dalta gafa le cibearbhulaíocht agus é ar scoil, ní mór don scoil dul i ngleic leis an iompar bulaíochta. Sa chás go mbíonn cibearbhulaíocht mar thaithí ag dalta ar scoil, ní mór don scoil dul i ngleic leis an iompar bulaíochta.

I gcás na cibearbhulaíochta, cé go bhféadfadh an teachtaireacht ghortaithe a bheith seolta lasmuigh d'uaireanta scoile, b'fhéidir go bhfeicfeadh an dalta an teachtaireacht agus é ar scoil. Sa chás go dtarlaíonn sé seo, caithfidh an scoil dul i ngleic leis an iompar bulaíochta.

Má tharlaíonn an iompraíocht bhulaíochta nuair a bhíonn scoláirí ar thuras scoile agus mar sin faoi chúram agus faoi fhreagracht na scoile, ní mór don scoil an iompraíocht bhulaíochta a fhiosrú.

Ba chóir iarraidh ar thuismitheoirí a iarrann ar an scoil gan gníomh ar bith a dhéanamh nuair a bhíonn iompraíocht bhulaíochta ar a leanbh an t-iarratas a chur i scríbhinn. Agus iarratas na dtuismitheoirí á admháil, féadfaidh scoileanna cinneadh a dhéanamh, bunaithe ar na cúinsí, go bhfuil sé cuí dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta. Tugann Cuid 6.3 de nósanna imeachta Bí Cineálta tuilleadh eolais faoi seo.

### Tuismitheoirí

Cuireann Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí oiliúint frithbhulaíochta ar fáil do thuismitheoirí agus is féidir teacht ar a suíomh gréasáin ag an nasc seo a leanas National Parents Council . Beidh Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí ag cur oiliúint ar fáil do thuismitheoirí ar nósanna imeachta Bí Cineálta chun iompar bulaíochta i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna a chosc agus dul i ngleic leis go luath in 2025..

D'fhoilsigh an Roinn Treoir Acmhainní Bí Cineálta do thuismitheoirí atá ar fáil anseo gov.ie – Acmhainní do Thuismitheoirí..

### Straitéisí Coisctheacha

Soláthraíonn Caibidil 5 de nósanna imeachta Bí Cineálta samplaí de raon straitéisí coisctheacha is féidir le scoileanna a úsáid.

Tugann Caibidil 5 de nósanna imeachta Bí Cineálta treoir maidir le conas cineálacha éagsúla iompraíochta bulaíochta a chosc i scoileanna lena n-áirítear iompraíocht

bhulaíochta homafóbach agus trasfóbach. Tá Treoir Acmhainní Bí Cineálta do Scoileanna ar fáil ar líne anseo: gov.ie - Bí Cineálta Acmhainní do Bhunscoileanna, Iarbhunscoileanna agus Tuismitheoirí

Cuireann Oide in éineacht le Webwise oiliúint ar fáil do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile araon maidir le cibearbhulaíocht a thuiscint, a chosc agus freagairt di.

Cibearbhulaíocht i mBunscoileanna: tuiscint, cosc agus freagairt ina leith - Oide Teicneolaíocht san Oideachas

Cibearbhulaíocht in Iar-bhunscoileanna: tuiscint, cosc agus freagairt ina leith - Oide Teicneolaíocht san Oideachas

Is féidir le scoileanna rochtain a fháil ar cheachtanna bunscoile agus iar-bhunscoile i gclár frithbhulaíochta FUSE ag an nasc seo a leanas FUSE - Home (antibullyingcentre.ie).

Tá seimineár forbartha ag Oide freisin do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí. Cultúr Uilechuimsitheach a Chothú i mBunscoileanna - Oide

3 Nollaig, 2024.